



2026/1777

27.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1777 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2026

maidir le húdarú ullmhóide de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú (sealbhóir an údaraith: ADM International Sarl, arna ionadú san Aontas ag ADM Specialty Ingredients (Europe) B.V. agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1490

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1490 ón gCoimisiún údaraíodh ullmhóid de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú ⁽²⁾.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú na hullmhóide de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin zóiteicniúla eile'. Cuimsíodh san iarratas togra chun coinníollacha an údaraith bunaidh a leasú, arb é a bhí ann an cion carbhacróil a choigeartú go 4,5 – 5,5 %, an cion cionnamaildéad a choigeartú go 2,7 - 3,3 % agus an cion oiléaroisín capsacaim a choigeartú go 2 % ar a laghad (agus an cion capsaicine agus déhidreacapsaicine ag 0,11-0,15 %). Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, mhol sealbhóir an údaraith le haghaidh an bhreiseáin beathaithe lena mbaineann, Pancosma France S.A.S., ainm shealbhóir an údaraith le haghaidh an bhreiseáin beathaithe lena mbaineann a athrú go 'ADM International Sarl, arna ionadú san Aontas ag ADM Specialty Ingredients (Europe) B.V.'.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1490 ón gCoimisiún an 3 Meán Fómhair 2015 maidir le hullmhóid de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú (sealbhóir an údaraith Pancosma France S.A.S.) (IO L 231, 4.9.2015, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1490/oj).

- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 19 Samhain 2025 ⁽³⁾ gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil an ullmhóid charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim fós sábháilte don spriocspeiceas, do na tomhaltóirí agus don chomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá údaraithe faoi láthair. Maidir le sábháilteacht úsáideoirí, tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cheart a mheas gur greannaitheoir craicinn, súl agus conaire riospráide agus íogróir craicinn é an breiseán. Luaigh an tÚdarás nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaraithe togra maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú ná a fhorlíonadh, ar togra é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin i gcomhthéacs na hathnuachana ar an údarú. Níor mheas sé go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.
- (6) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an ullmhóid de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaraithe roimhe seo, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha dá bhrí sin.
- (7) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ina theannta sin, i gcomhréir leis na coinníollacha úsáide a mhol an t-iarratasóir agus leis an gconclúid ón Údarás sa tuairim uaidh an 27 Eanáir 2015 ⁽⁵⁾ go bhféadfadh an breiseán a bheith éifeachtúil i sicíní lena ramhrú ag an dáileog 100 mg/kg d’ábhar beatha iomlán, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le híoschion 100 mg/kg d’ábhar beatha iomlán.
- (8) Ina theannta sin, ba cheart ADM International Sarl, arna ionadú san Aontas ag ADM Specialty Ingredients (Europe) B.V., a ainmniú mar shealbhóir údarú na hullmhóide de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim.
- (9) Mar thoradh ar údarú na hullmhóide de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim a athnuachan mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1490 a aisghairm.
- (10) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha maidir le húdarú na hullmhóide de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2025;23:e9793, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9793>.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2015;13(2):4011, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2015.4011>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaraithe

Údarú na hullmhóide a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin zóiteicniúla eile', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1490.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. An ullmhóid de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim mar a údaraithear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1490 agus réamh-mheascáin ina bhfuil an breiseán sin, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Lúnasa 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar pharaiméadair feidhmíochta)									
4d11	ADM International Sarl, arna ionadú san Aontas ag ADM Specialty Ingredients (Europe) B.V.	Ullmhóid de charbhacról, cionnamaildéad agus oiléaroisín capsacaim	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid de charbhacról, cionnamaildéad, oiléaroisín capsacaim ina bhfuil cion: — carbhacról ⁽¹⁾ : 4,5 % - 5,5 % — cionnamaildéad ⁽¹⁾ : 2,7 % - 3,3 % — oiléaroisín capsacaim ⁽²⁾ : ≥ 2 % (le cion shuim na capsaicine agus na déhidreachaipsicine 0,11 % - 0,15 %) Foirm sholadach. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> — cearbhacról (íonacht ≥ 98 %), C ₁₀ H ₁₄ O, uimhir CAS: 499-75-2 — cearbhacról (íonacht ≥ 98 %), C ₉ H ₈ O, uimhir CAS: 104-55-2 — oiléaroisín capsacaim le cion shuim na capsaicine agus na déhidreachaipsicine 6 % - 7 %	Sicíní lena ramhrú	—	100	100	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus cobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Ní úsáidfear an breiseán le foinsí eile charbhacróil, cionnamaildéid, capsaicine agus déhidreacapsaicine. 3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don anáil a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	an 16 Lúnasa 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
			Modhanna anailíse ⁽³⁾ Maidir le carbhacról, cionnamaildéad, capsaicin agus déhidreacapsaicin sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: Crómatagrafaíocht gháis le brath ianúcháin lasrach (GC-FID)						

⁽¹⁾ Eagrán Ar Líne JECFA: ‘Sonraíochtaí maidir le Blastáin’. <https://www.fao.org/food/food-safety-quality/scientific-advice/jecfa/jecfa-flav/en/>.

⁽²⁾ Oiléaroisín a fhaightear trí eastóscadh tuaslagóirí faighneog triomaithe ó shillí dearga Indiacha (*Capsicum annuum* nó *C. frutescens*).

⁽³⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.